2026/2270

16.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2270 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí eilimintí fearó-chóimhiotalaithe áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351 ón gCoimisiún ([3]), d'fhorchuir an Coimisiún beart coimirce cinntitheach ar allmhairí eilimintí fearó-chóimhiotalaithe áirithe.

(2) Mheas an Coimisiún gurb é taraifchuóta sonrach in aghaidh an chineáil táirge, arb é atá ann méid laistigh den chuóta in éineacht le dleacht athraitheach lasmuigh den chuóta, an cineál birt is éifeachtaí chun leasanna éagsúla a chothromú.

(3) Shocraigh an Coimisiún na leibhéil méide laistigh den chuóta 25 % faoi bhun mheánleibhéal na n-allmhairí in 2022, 2023 agus 2024.

(4) Tar éis fhorchur an bhirt coimirce chinntithigh, chuaigh ionadaí dlíthiúil de chuid cuideachta de chuid na Malaeisia i dteagmháil leis an gCoimisiún agus líomhain sé go raibh méid an chuóta a ríomhadh don Mhalaeisia mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351 mícheart mar gheall ar staitisticí allmhairiúcháin neamhiomlána le haghaidh 2022 maidir le hallmhairí ón Malaeisia isteach san Aontas.

(5) Rinne an Coimisiún imscrúdú ar an líomhain agus bhí sé in ann a dheimhniú gur dearbhaíodh allmhairí áirithe fearómangainéise in 2022 ón Malaeisia a bheith rúnda i staitisticí allmhairiúcháin Eurostat atá ar fáil go poiblí. Dá bhrí sin, bhí beagnach 40 700 tona d'allmhairí in easnamh agus an taraifchuóta don Mhalaeisia á ríomh. Ba cheart 41 279,3 tona seachas 581 thona a bheith sa luach ceart chun an taraifchuóta don Mhalaeisia a ríomh le haghaidh 2022.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart méid 2022 na n-allmhairí don ríomh a cheartú agus ba cheart an méid laistigh den chuóta don Mhalaeisia a athríomh agus a mhéadú.

(7) Ba cheart éifeacht a bheith ag na ceartúcháin ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí a bunaíodh faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo á chur in ionad cuid den tábla a bhaineann le méid taraifchuótaí na Malaeisia in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj.
([2]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2351 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2025 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí eilimintí fearó-chóimhiotalaithe áirithe (IO L, 2025/2351, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2351/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 18 Samhain 2025 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

'An cineál táirge	Cóid CC agus AC	Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme)	Bliain 1				Bliain 2				Bliain 3				Dleachtráta breise	Sraithuimhreacha
			Ón 18.11.2025 go dtí an 17.2.2026	Ón 18.2.2026 go dtí an 17.5.2026	Ón 18.5.2026 go dtí an 17.8.2026	Ón 18.8.2026 go dtí an 17.11.2026	Ón 18.11.2026 go dtí an 17.2.2027	Ón 18.2.2027 go dtí an 17.5.2027	Ón 18.5.2027 go dtí an 17.8.2027	Ón 18.8.2027 go dtí an 17.11.2027	Ón 18.11.2027 go dtí an 17.2.2028	Ón 18.2.2028 go dtí an 17.5.2028	Ón 18.5.2028 go dtí an 17.8.2028	Ón 18.8.2028 go dtí an 17.11.2028		
			Méid an taraifchuóta (glantonaí)				Méid an taraifchuóta (glantonaí)				Méid an taraifchuóta (glantonaí)					
Fearómang-ainéis	7202 11, 7202 19	an Mhalaeisia	9 330,47	9 026,21	9 330,47	9 330,47	9 339,80	9 035,24	9 339,80	9 339,80	9 323,59	9 120,91	9 323,59	9 323,59	féach Iarscríbhinn II	09.8819'